Is mian le

Comhlacht Comhtháite Pobail
Bhealach Féich agus Shrath an Urláir

TAIRISCINTÍ SEIRBHÍSÍ DEARTHA LE hIONAD FIONTRAÍOCHTA POBAIL A FHORBAIRT I SRATH AN URLÁIR, CO. DHÚN NA NGALL

a lorg

Tá Comhlacht Comhtháite Pobail Bhealach Féich agus Shrath an Urláir (CCPBS) ar lorg Tairiscintí ó chomhairleoirí a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu le seirbhísí dearthaí bunaithe ar ailtireacht a sholáthar chun Ionad Pobail Fiontraíochta úr a fhorbairt i Srath an Urláir, Co. Dhún na nGall Beidh áiseanna miondíola, tráchtála, tionscail éadroim agus pobail ar fáil ann, agus beidh thart fá 1,700 méadar cearnach san iomlán thar thrí urlár. Tá an Réamh-Dhearadh agus Cead Pleanála déanta agus faighte cheana, agus tabharfaidh an comhairleoir ceaptha an tionscadal fríd an dearadh mionsonraithe, doiciméid chonartha, riarachán tairiscintí, maoirseacht oibreacha, aistriú agus an tréimhse chothabhála fabhtanna.

Déanfar an soláthar de réir Chreat Soláthair Tógála Rialtas na hÉireann. Tá Fógra Conartha curtha ag CCPBS ar an suíomh ríomhthairiscintí: www.etenders.gov.ie ag lorg tairiscintí faoin Nós Imeachta Oscailte.

Tá foirmeacha samplacha maidir le Measúnú Oiriúnachta, Treoracha do Thairgeoirí, Tairiscint agus Sceideal, chomh maith le fórlíonta, aguisíní agus eolas breise, foilsithe ar an suíomh ríomhthairisceana.

Le do spéis a léiriú san fhógra seo agus leis an doiciméadú agus an t-eolas riachtanach a íoslódáil, tabhair cuairt, le do thoil, ar an suíomh idirlín ríomhthairisceana ag www.etenders.gov.ie

Tá an tionscadal seo á mhaoiniú ag an Chiste Idirnáisiúnta d'Éirinn, Comhairle Contae Dhún na nGall, Fiontraíocht Éireann agus ag Foras Chláir Speisialta an AE faoi Chlár INTERREG IVA an AE.

European Union
European Regional Development Fund
Investing in your future

INTERNATIONAL FUND FOR IRELAND

Donegal County Council
Comhairle Chontae Dhún na nGall

ENTERPRISE IRELAND

Is é Foras Chláir Speisialta an AE an tÚdarás Bainistíochta do Chlár INTERREG IVA Aontas na hEorpa.